

# Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire Ceangail, Cothaigh, Déan Ceiliúradh

**Tuarascáil Trí Bliana, 2021-24**




Ag breacadairacht le Laura Phillips. Sonraí an ghrianghrafadóir: Seonaid Murray

---

# Clár ábhair

<b>Maidir le hÉadan Doire</b>	<b>3</b>
<b>Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire</b>	<b>4</b>
<b>Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire in uimhreacha</b>	<b>5</b>
<b>Na chéad chéimeanna</b>	<b>7</b>
<b>Fuinneamh a bhailiú, a thógáil agus a chothabháil</b>	<b>9</b>
<b>Pleanáil chomhoibritheach don bhliain amach romhainn</b>	<b>11</b>
<b>Rialachas, aiseolas agus tacaíocht</b>	<b>13</b>
<b>Ealaín, taispeántais, suiteálacha agus imeachtaí atá os comhair an phobail</b>	<b>15</b>
<b>Ag nascadh Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire leis an bpobal cultúrtha níos leithne</b>	<b>23</b>
<b>Príomhriachtanais a Aithníodh</b>	<b>25</b>
<b>Deontais agus coimisiúin</b>	<b>26</b>
<b>Forbairtí agus fochraobhacha</b>	<b>28</b>
<b>Machnamh ó bhall den Ghrúpa Stiúrtha</b>	<b>29</b>
<b>Teistiméireachtaí ón tionscadal</b>	<b>30</b>
<b>Meastóireacht</b>	<b>34</b>
<b>Achoimre</b>	<b>35</b>



---

# Maidir le hÉadan Doire

Els é Éadan Doire an dara baile is mó i gContae Uíbh Fhailí, le daonra a mhéadaigh faoi dhó idir 1996-2016 go 8,000. Tá an daonra reatha níos óige ná an meán náisiúnta agus i bhfad níos éagsúlaí. Téann go leor de mhuintir na háite go ceantar Bhaile Átha Cliath le haghaidh na hoibre.

Bunaíodh Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire, i mí Mheán Fómhair 2021, le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon (mar chuid den chlár náisiúnta Áiteanna Ildánacha) agus faoi stiúir Creative Lives, i gcomhpháirtíocht le hOifig Ealaíon Chomhairle Contae Uíbh Fhailí agus le Ceantar Bardasach Éadan Doire.

Is é sprioc an tionscadail ná cabhrú leis an gceantar chun féiniúlacht chultúrtha láidir a fhorbairt agus tacú le gréasáin inbhuanaithe agus deiseanna rannpháirtíochta chultúrtha. Tá Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire, ag obair chun é seo a bhaint amach trí mhodhanna oscailte comhoibríocha, ag plé leis an ngnáthphobal.

Tógann an tionscadal ar thionscnaimh a cuireadh ar fáil roimhe seo i gcomhpháirtíocht le Creative Lives agus Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Uíbh Fhailí, as ar cruthaíodh an grúpa pobail Éadan Doire Ildánach agus an tionscadal Bróga Éadan Doire.





# Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire

Déanfaidh an tuarascáil seo athbhreithniú ar na chéad trí bliana de Thionscadal Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire, arbh é an téama a bhí acu ná Ceangail, Cothaigh, Déan Ceiliúradh.

Oibríonn Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire le daoine de gach aois agus cúlra chun pobal cruthaitheach níos saibhre, níos cuimsithí agus níos comhtháite a chruthú sa bhaile mór agus sna ceantair máguaird. Le linn na chéad trí bliana den tionscadal (2021-2024) bhí deiseanna cruthaitheacha ann d'ealaíontóirí gairmiúla, d'ealaíontóirí neamhghairmiúla, do ghrúpaí pobail agus do dhaoine aonair.

Tá an tionscadal á fhorbairt i gcomhar ag muintir Éadan Doire agus tá úinéireacht agus inbhuanaitheacht an phobail i gcroílár a ndéanaimid le chéile. Ba iad Kevin Murphy, Damien McGlynn ó Creative Lives, Meastóir an tionscadail, Conor O'Leary agus Éadan Doire Ildánach a rinne bunobair an tionscadail seo. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leo go léir as a gcuid oibre agus as ardán chomh láidir a chur ar fáil don tionscadal reatha chun eascairt agus fás as.



# Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire in uimhreacha

**D'fhreastail 4,204 duine fásta agus 1,640 leanbh ar na gníomhaíochtaí**

**261 ceardlann pobail**

**62 ealaíontóir agus éascaitheoir**

**16 comhairliúchán pobail, seisiún faisnéise agus líonra**

**10 seisiún eolais agus tacaíochta maidir le hiarratais ar mhaoiniú**

**9 gcruinniú den ghrúpa stiúrtha**

**8 imeacht ar scála mór**

**7 ndeontas ón gciste síl**


**7 gcoimisiún ealaíontóirí**

**7 gcruinniú fóram pobail**

**7 seisiún oiliúna pobail**

**6 dheontas cruthaitheach**

# Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire in uimhreacha




## Freastalaithe fásta 2022 - 2024

Mná	2,862
Fireann	1,333
Trasinscneach	9
<b>Iomlán</b>	<b>4,204</b>

## Freastalaithe leanaí 2022 - 2024

Cailíní	882
Buachaillí	758
<b>Iomlán</b>	<b>1,640</b>



7%

Rannpháirtithe  
tromlaigh  
dhomhanda

14%

Rannpháirtithe a  
aithníonn a bheith  
faoi mhíchumas

21

Líon na  
n-ionad

30

Ceannairí pobail

18

Eagraíochtaí  
comhpháirtíochta



---

## Na chéad chéimeanna

I mí na Samhna 2022, reáchtáil muid cruinniú pobail i Leabharlann Éadan Doire. Bhí daichead a cúig duine i láthair agus bhí go leor smaointe cruthaitheacha ann! Bhailíomar na smaointe go léir i bplean agus thosaíomar ar na chéad ghníomhaíochtaí a bhreacadh síos. An chéad imeacht a bhí ann ná ceardlann oscailte ceoil i Leabharlann Éadan Doire, rud a spreag an ceoltóir Angi Ward chun smaoinemh ar conas a d'fhéadfadh sí grúpa ceoil rialta a éascú ar an mbaile.

Bhí baint ag Nesrin Elazaly le Éadan Doire Ildánach roimhe seo agus bhí fonn uirthi grúpa a bhunú a thabharfadh na cultúir éagsúla in Éadan Doire le chéile agus a chuirfeadh spás rialta ar fáil chun bualadh le chéile - agus is mar sin a tháinig an Community Social ar an saol! Is tionscadal seachtainiúil ealaínbhunaithe é Community Social agus tugann ealaíontóirí agus éascaitheoirí éagsúla cuairt gach seachtain. Tá am socraithe le haghaidh sólaistí agus piarthacaíocht ag tús an tseisiúin, agus ansin deis a bheith páirteach i ghníomhaíocht chruthaitheach.

Bhí an grúpa seo ríthábhachtach in Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire, ag tosú ar ghréasán a thógáil ar an mbaile, ag tabhairt deis d'ealaíontóirí/éascaitheoirí triail a bhaint as smaointe nua agus ag cur spás rialta ar fáil do dhaoine chun bualadh le chéile. Tagann Community Social le chéile gach Aoine fós in Ionad an Pharóiste.




Baill an ghrúpa Community Social agus an Seisiún Picnic Acústach. Sonraí an ghrianghrafadóra: Shane Hynan

“Is breá liom bualadh le daoine nua agus scileanna nua a fhoghlaim agus bíim ag tnúth leis na ranganna gach Aoine.”  
Rannháirtí Community Social

“

“Tá an grúpa Community Social cosúil le sraith craobhacha ar chrann. Fásaimid i dtreonna difriúla ach eascraíonn ár bhfréamhacha mar aon ní amháin. Ní neart go cur le chéile; más mian leat a bheith láidir, ní mór duit a bheith ceangailte.”  
Nesrin Elazaly, Ceannaire Pobail Deonach



Baill an ghrúpa agus saothar ealaíne ónár nGrúpa Amharc-ealaíon le haghaidh agus faoi stiúir daoine a thugann le fios go bhfuil siad faoi mhíchumas. Sonraí an ghrianghrafadóir: Eleanor Farrelly agus Seonaid Murray



# Fuinneamh a bhailiú, a thógáil agus a chothabháil

Chruthaíomar póstaer agus bileoga eolais ag lorg smaointe agus moltaí cruthaitheacha nó cultúrtha agus ní fada go raibh muid báite i nglanna gutháin agus ríomhphoist! Bhraitheamar go raibh sé tábhachtach triail a bhaint as an oiread smaointe agus ab fhéidir agus as raon leathan foirmeacha ealaíne. Chuaigh sé seo ó neart go neart go tapa agus i bhfaiteadh na súl bhraith sé ar nós cluiche murlán - chaitheamar gach rud suas san aer agus bhí sé suimiúil a fheiceáil cad a thitfeadh agus a 'ghreamódh'.

Tháinig Eleanor Farrelly chun tosaigh le moladh faoi ghrúpa amharc-ealaíon le haghaidh agus faoi stiúir daoine a thugann le fios go bhfuil siad faoi mhíchumas. Cuireadh é seo ar bun agus thosaigh sé ag rith gach Máirt in Ionad an Pharóiste. Bhí moltaí eile againn freisin maidir le campa LEGO do leanaí agus roinnt seisiún gluaiseachta cruthaitheach. Chuir Angi Ward tús le seisiún ceoil seachtainiúil ar an Luan in Ionad an Pharóiste, atá ar siúl i gcónaí agus ar bronnadh an dara háit in Éirinn air ag Gradaim Creative Lives 2024 le déanaí. Thaistil ionadaithe ón ngrúpa go Londain don searmanas i mí Mheán Fómhair.

“Tá súil agam go leanfaidh an rang amharc-ealaíon ar aghaidh mar tá sé ar fheabhas agus tá tacaíocht mhaith aige ó mhuintir na háite. Ní tharlódh sé choíche gan Áiteanna Ildánacha, agus tá a fhios agam gur breá leo go léir teacht chuig an rang gach seachtain, agus is aoibhinn liomsa é a mhúineadh.”

Éascaitheoir amharc-ealaíon, Eleanor Farrelly

“Bhí mé ag smaoineamh ar a bhfuil déanta agat dúinn go léir: thug tú muinín dom canadh arís os comhair lucht féachana. Bíonn mo dheirfiúracha de shíor ag fiafraí díom cén ‘dochtúir’ ar a bhfuil mé ag freastal! Nuair a chonaic siad an físeán díom ag canadh bhí áthas an domhain orthu dom. Beidh mé buíoch go deo díot féin agus do na ceoltóirí iontacha sin.”

Ball den ghrúpa, Grúpa Ceoil an Luain

“Is mór an spórt é agus bíonn an-tionchar aige ar an bpobal. Lá iontach eile - tá siad beagnach ar tí damhsa! Agus anuas air sin, bíonn sé go hálainn dul le haghaidh caife le chéile ina dhiaidh.”

Angi Ward, éascaitheoir ceoil



Tugann baill an ghrúpa Acoustic Hearts agus Ceol Pobail na Breataine Bige cuairt ar na grianghraif. Sonraí an ghrianghrafadóir: Shane Hynan agus Mark Forde




# Pleanáil chomhoibritheach don bhliain amach romhainn

Do Bhliain 2 agus Bliain 3, chruthaigh muid léiriú grafach ar an bplean agus ar a bhféadfadh an pobal a bheith ag súil leis ón dtionscadal.

## Léiriú grafach Bhliain 2

Seo é an Roth Ceilteach - roinneamar an plan don bhliain suas i gceithre cheathrú an fhéilire: Lughnasadh, Samhain, Imbolc agus Bealtaine.





### Léiriú grafach Bhliain 3

D'úsáideamar íomhá de Chrann do Bhliain 3. Míniúnn sé conas a chuirfí an tionscadal ar fáil i dtéarmaí 'fréamhacha', 'craobhacha' agus 'duilleoga' an chrainn.



# Rialachas, aiseolas agus tacaíocht

De réir mar a chuaigh Áiteanna Ildánacha chun cinn, bhí sé tábhachtach cruinnithe rialta a bhunú lenár ngrúpa stiúrtha. Tá an grúpa stiúrtha ag teacht le chéile gach dara mí ó mhí Eanáir 2023 i leith agus tacaíonn sé linn maidir le dea-rialachas agus le cinnteoireacht. Faigheann an comhordaitheoir tacaíocht freisin trí fhreastal ar chruinniú míosúil Zoom de chuid Líonra na nÁiteanna Ildánacha, chun dul chun cinn na dtionscnamh Áiteanna Ildánacha eile a phlé agus chun foghlaim fúthu. Bíonn cruinnithe rialta ann le meastóir an tionscadail, cruinnithe pobail agus an t-eolas is déanaí. Faigheann an comhordaitheoir piarthacaíocht agus tacaíocht bhainistíochta ó Creative Lives.

Bunaíodh an Fóram Pobail i mí Eanáir 2024 agus tagann sé le chéile go míosúil. Tugann an fóram deis d'aon duine sa phobal ar mhaith leo ról gníomhach a bheith acu i dtacú le Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire teacht agus páirt a ghlacadh sna díospóireachtaí, sa phleanáil, san fhoghlaim agus san fhorbairt. Cuirimid foirmeacha aiseolais ar fáil ag gach ceardlann agus imeacht agus chruthaíomar cártaí poist aiseolais le déanaí. Tá deiseanna ann freisin do lucht freastail, d'ealaíontóirí, d'éascaitheoirí agus d'oibríthe deonacha aiseolais scríbhinn agus ó bhéal a thabhairt don chomhordaitheoir trí ríomhphost, ar an bhfón nó i bpearsa. Bhí measúnóir an tionscadail i dteagmháil freisin le gach ealaíontóir/éascaitheoir go rialta le linn an tionscadail chun a gcuid smaointe, smaointe agus aiseolais a chur le chéile.


I mí na Bealtaine 2023, cheapamar Shane Hynan mar ghrianghrafadóir / físghrafadóir tionscadail, agus saorchonradh a bhí anseo go dtí mí na Nollag 2024. Ba mhór an chabhair é seo chun an tionscadal a chur in iúl trí íomhánna agus físeáin. Táimid ag obair faoi láthair le grianghrafadóir / físghrafadóir tionscadail nua, Mark Forde, a ceapadh i mí Feabhra 2024 agus a bhfuil a chonradh neamhspleách i bhfeidhm go dtí deireadh mhí Lúnasa 2024. Arís eile, bhí sé seo thar a bheith úsáideach chun an tionscadal a chur in iúl trí íomhánna, fuaim agus físeáin. Chuaigh Mark isteach inár bPainéal Pobail le déanaí agus muid ag déanamh cinntí faoi na Coimisiúin Ealaíontóirí.



1 - den mhúrmhaisiú ag an gCábán, cruthaithe ag Sharon Reegan agus an pobal áitiúil  
– Sonraí an ghrianghrafadóira: Mark Forde

2 - Laura Phillips ag an gCruinniú Pobail oscailte i mí Dheireadh Fómhair 2023 ag  
Leabharlann Éadan Doire - Sonraí an ghrianghrafadóira: Seonaid Murray

3 - Guth Éadan Doire, imeacht Oíche Chultúir mar chuid d'Oíche Chultúir 2024 -  
Sonraí an ghrianghrafadóira: Shane Hynan





# Ealaín, taispeántais, suiteálacha agus imeachtaí atá os comhair an phobail

I mí Mheán Fómhair 2023, d'éascaíomar imeacht ceiliúrtha, a léirigh an obair a bhí cruthaithe againn le linn an dara bliain den tionscadal. Muin Ogham a tugadh ar an imeacht (Is Fíniúin/Sméar Dubh é Muin san Fhéilire Ceilteach agus seasann sé do mhí Mheán Fómhair, agus is é Ogham ainm na sean-Ghaeilge atá bunaithe timpeall ar chrainn). Cuireadh stáitse mór suas i gcearnóg Halla an Bhaile do Muin Ogham. Chuir Eden FM, an stáisiún raidió pobail, fuaim ar fáil agus thugamar cuireadh don bhanna áitiúil RADAR seinm. Sheinn an ceoltóir áitiúil Tom Nolan ar an stáitse, in éineacht le cuid de na daoine óga ón gCaifé Óige a bhí ag foghlaim giotár leis trí thacaíocht ó Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire. Sheinn na ceoltóirí áitiúla Theodore agus Ademar Stones roinnt foinn thraidisiúnta agus bhí Dubh Lee ón Tulach Mhór ina príomhaoi. Bhí taispeántais amharcealaíne agus ceardaíochta cruthaitheacha ó Jenny Bergin agus Eleanor Farrelly, agus císte déanta ag an mbácús Colorful Butterfly.

Ba é an ócáid seo ár gcéad imeacht poiblí, bhí an-spraoi ann agus fuair eamar aiseolas an-dearfach. Rinne breis agus 50 duine idirghníomhú leis an imeacht i rith an lae.



Císte Muin Ogham déanta ag an mbácús Colorful Butterfly, agus Dubh Lee ag seinnt. Sonraí an ghrianghrafadóir: Seonaid Murray

Ba é an dara imeacht poiblí a bhí againn ná lá 'Féile i Veain' ar théama Oíche Shamhna ar chearnóg Halla an Bhaile i mí Dheireadh Fómhair 2023. Chuir Féile i Veain an stáitse agus an fhuaim ar fáil agus thugamar cuireadh don éascaitheoir drámaíochta agus ceoltóir áitiúil Danna Davis Daly a bheith ar stáirse mar chailleach. Chuir Gemma Trimble, damhsóir atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, taispeántas sorcais i láthair, bhí Yolanda Rodriguez agus Retox Dance ar stáitse mar ghrúpa agus sheinn an banna áitiúil RADAR seit ar théama Oíche Shamhna. Chóirigh gach duine iad féin suas don ócáid!

D'eagraigh Jenny Bergin na healaíona agus ceardaíocht agus rinne an bÁCús Colourful Butterfly císte. Bhí Shane Hynan, ár ngrianghrafadóir tionscadail, i gceannas ar 'Aghaidheanna Éadan Doire', áit ar shocraigh sé é féin i stiúideonna Eden FM agus chuir sé grianghrafadóireacht phortráide ar fáil d'aon duine a bhí ag caitheamh culaith bhréige.



Gemma Trimble, Danna Davis Daly, RADAR agus Retox Dance ag an imeacht "Féile i Veain" ar théama Oíche Shamhna. Sonraí an ghrianghrafadóir: Seonaid Murray



Reáchtáil muid dhá imeacht mar chuid d'Oíche Chultúir, Cultúir Éadan Doire agus Guthanna Éadan Doire. Ba í Nesrin Elazaly an príomhoibrí deonach pobail le haghaidh Cultúir Éadan Doire, a bhí ar siúl sa chlub CLG. Tugadh cuireadh do mhuintir na háite teacht chun blaiseadh a fháil den bhia, den cheol, den cheardaíocht, den damhsa agus den scéalaíocht ó na cultúir éagsúla go léir a bhfuil ionadaíocht acu in Éadan Doire faoi láthair.

Oíche oscailte mic a bhí in Guthanna Éadan Doire i mbunscoil Naomh Muire ag cur filíochta, scríbhneoireacht chruthaitheach agus scéalaíocht i láthair ó na ceardlanna scríbhneoireachta éagsúla a bhí ar siúl ag Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire go dtí sin. Sheolamar an paimfléad 'Filíocht agus Prós' freisin, a cruthaíodh mar chuid de dheireadh seachtaine scríbhneoireachta arna éascú ag an drámadóir áitiúil John Grogan, an taibhfhile atá lonnaithe i mBéal Feirste, Colin Hassard agus an file atá lonnaithe i gContae an Dúin, Amy Louise Wyatt. Thug an scríbhneoir áitiúil Eugene O'Brien léamh mar chuid den oíche mic oscailte freisin. Thug an t-ealaíontóir áitiúil Becca Thorne cead dúinn dhá phictiúr dá cuid a úsáid ar thaobh tosaigh agus ar chúl an phaimfléid. **Seo nasc chuig an bpaimfléad Filíochta agus Prós.**



Rannpháirtithe 'Cultúir Éadan Doire', an drámadóir áitiúil John Grogan agus an taibhfhile, Colin Hassard, atá lonnaithe i mBéal Feirste. Sonraí an ghrianghrafadóir: Shane Hynan






An taibhfhile Colin Hassard, atá lonnaithe i mBéal Feirste, ciste a rinne an BÁCÚS Colourful Butterfly agus an scríbhneoir áitiúil Eugene O'Brien, ag ócáid Guthanna Éadan Doire. Sonraí an ghrianghrafadóir: Seonaid Murray




Agus muid ag dul isteach sa chéim Ceiliúradh den tionscadal i mBliain 3, thosaíomar ag pleanáil agus ag tacú le taispeántais de shaothar áitiúil. Ba é an chéad taispeántas ná taispeántas Becca Thorne i Leabharlann Éadan Doire. Thacaigh Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire, le frámáil a cuid pictiúr agus reáchtáil muid ócáid seolta a raibh slua maith ann, lena n-áirítear an comhairleoir áitiúil Mark Hackett, agus Pippa Hackett, an tAire Stáit Talmhaíochta, Bia agus Mara.



Cuid de phictiúir Becca Thorne. Ó Chlé: An tAire Pippa Hackett, Becca Thorne, Seonaid Murray, Sandra Lewis, an Comhairleoir Mark Hackett. Sonraí an ghrianghrafadóir: Seonaid Murray agus Tom Thorne



Taispeántas Meastóireachta Ailtéarnach a bhí sa dara taispeántas i Leabharlann Éadan Doire, inar thugamar cuireadh d'ealaíontóirí/ éascaitheoirí, oibrithe deonacha agus baill an ghrúpa píosaí oibre a chur isteach mar fhreagairt ar an idirghníomhú a bhí acu le Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire le trí bliana anuas. Bhí gach freagra thar a bheith suimiúil, machnamhach agus éagsúil. Bhí ócáid seolta agus imeacht meastóireachta againn a d'éascaigh ár meastóir tionscadail agus ár gcomhordaitheoir tionscadail.



Na cártaí poist ón 'Bosca Poist Meastóireachta', cuid de na píosaí sa taispeántas, agus Angí Ward. Sonraí an ghrianghrafadóir: Mark Forde



D'iarr na grúpaí a bhaineann úsáid as Cábán Pobail Éadan Doire go dtacóimid lena phéinteáil. Próiseas suimiúil a bhí ann agus tar éis tréimhse comhairliúcháin, chomhoibrigh an t-ealaíontóir Sharon Regan, atá lonnaithe i gContae an Dúin, leis an bpobal áitiúil ar mhúrmhaisiú ar théama na bithéagsúlachta. D'iarramar freisin ar Sharon smaoineamh ar shuiteáil a chruthú ar bhalla na Canálach Móire chun dhá thaobh an bhaile a aontú. Cruthaíodh scoil éisc adhmaid mar chuid de lá ealaíne pobail, d'oibrigh an t-ealaíontóir áitiúil Jenny Bergin ar níos mó scoileanna d'éisc adhmaid a chruthú, agus tá siad ar fad ceangailte anois le balla na Canálach Móire i gcomhairle le Cumann Cónaitheoirí Choill Bhluindéil.



Íomhánna ón lá ealaíne pobail ag an gCábán. Sonraí an ghrianghrafadóra: Mark Forde agus Sharon Regan

# Aiseolas

Bhí aiseolas iontach ann faoi na tionscadail agus na himeachtaí thuas:

“Go raibh maith agat as an deis an Cábán a phéinteáil. Bhí gach duine chomh hálainn faoin saothar ealaíne ach chuir rud amháin a dúirt fear óg brón orm. Dúirt sé ‘Tá sé dochreidte, ach ró-dheas don cheantar seo’, amhail is nach bhfuil rudaí áille tuillte acu. Mar sin, go raibh maith agat as rud éigin álainn a thabhairt dóibh, fiú mura gceapann siad go bhfuil sé tuillte acu.” Sharon Regan, Ealaíontóir

“Táim go mór faoi chomaoin agat féin agus ag Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire. Thug tú an oiread sin deiseanna iontacha dom chun obair a dhéanamh atá fíorthábhachtach dár bpobal i mo thuairimse.” Ealaíontóir/éascaitheoir, imeacht Féile i Veain

“Bhí éagsúlacht mhór ceoil ann Dé Sathairn seo caite. Bhíomar ag canadh anseo sa siopa agus bhí daoine ag damhsa suas síos an tsráid!” - Úinéir siopa áitiúil ag déanamh cur síos ar imeacht Muin Ogham

“Maith sibh ar ócáid iontach. Bhí sé iontach é a fheiceáil le mo dhá shúil féin. Maith sibh, caithfidh gur ghlac sé go leor oibre!” Angela, Cúntóir Oifigeach Ealaíon, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí ag caint ar imeacht Muin Ogham


# Ag nascadh Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire leis an bpobal cultúrtha níos leithne

Bhí sé tábhachtach Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire a nascadh le tionscnaimh níos leithne, agus rinneamar é seo ar bhealaí éagsúla:

- Thugamar ealaíontóirí go hÉadan Doire ó cheann ceann na hÉireann, lena n-áirítear an taibhfhile Colin Hassard, atá lonnaithe i mBéal Feirste; an file Amy Louise Wyatt, atá lonnaithe i gContae an Dúin; agus an t-ealaíontóir Sharon Regan, atá lonnaithe i gContae an Dúin. Thug ealaíontóirí ó Bhaile Átha Cliath (Gemma Trimble) agus ón Tulach Mhór (Dubh Lee) cuairt orainn freisin. Thugamar cuireadh d’aoi-éascaitheoirí ó Chorcaigh (Obair Dheonach Éireann) agus do Charmaine McMeekin, múinteoir damhsa as Béal Feirste mar chuid de thionscadal gluaiseachta cruthaitheach Uíbh Fhailí Sláintiúil, ‘Céim chun Tosaigh!’
- Thugamar cuairteanna suímh ar An Bosca Dubh i mBéal Feirste, le haghaidh ceardlann inar roinneamar smaointe cruthaitheacha. Thug triúr ealaíontóirí as Éadan Doire cuairt ar Bhéal Feirste mar chuid den tionscadal Aethereal Material, saothar atá maoinithe ag Cumann Eolaíochta na Breataine i gcomhar leis an Dr. Trevor Agus ag Ionad Taighde Ealaíon Sonic in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Mar chuid den tionscadal seo, rinneadh guthanna ó Éadan Dhoire a thaifead agus a áireamh i sraith de chumadóireacht úrnua ceoil a bhí bunaithe ar an ‘seachmall éisteachta ó chaint go hamhrán’ agus cruthaíodh LP dá réir. **Is féidir na taifid fuaimne a chloisteáil anseo.**
- Chuaigh Ceol Pobail na Breataine Bige i dteagmháil linn faoi chomhoibriú ar a dtionscadal Dau Enaid, Un Taith (Dhá Anam, Turas Amháin). Clár malartaithe agus deis forbartha gairmiúla a bhí ann d’fhoireann forbartha tionscadail agus do shaorcheoltóirí, chun foghlaim conas a úsáideann tíortha éagsúla ceol chun dul i ngleic leis an bpobal. Bhain an tionscadal le smaointe agus dea-chleachtas a roinnt agus líonra comhtháite



eagraíochtaí ceoil pobail a bhunú. Maoiníodh é trí scéim maoinithe Rialtas na Breataine Bige Taith, a cruthaíodh go príomha in ionad chlár Erasmus sa Bhreatain Bheag. Bhí sé ar siúl i gceithre shuíomh san Eoraip agus i suíomh amháin san Astráil. Thug foireann Cheoil Pobail na Breataine Bige cuairt ar Éadan Doire i mí Aibreáin agus d'oibrigh siad ar feadh dhá lá leis na ceoltóirí agus na grúpaí ceoil a bhfuil muid ag obair leo go dtí seo. Seo roinnt íomhánna ón gcuairt:



Sonraí an ghrianghrafadóir: Mark Forde

---

# Príomhriachtanais a Aithníodh

Le linn na chéad 3 bliana d'Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire, d'aithníomar roinnt príomhriachtanais ar cheart iad a fhiosrú, a fhorbairt agus ceardlann a réachtáil fúthu trí sheisiúin agus imeachtaí Oiliúna Pobail:

1. Maoiniú agus tacaíocht le hiarratais ar mhaoiniú a dhéanamh
2. Cosaint
3. Ceardlann atá bunaithe ar na hEalaíona a phleanáil, a dhearadh agus a réachtáil
4. Léarscáil de Líonraí Pobail áitiúla a bhailiú

Le linn éascú a dhéanamh ar Ghrúpaí Fócais Pobail agus ar sheisiúin oiliúna, aithníodh na 3 phríomhréimse seo a leanas a mbraithimid go bhfuil tuilleadh oiliúna agus tacaíochta de dhíth ar an bPobal ina leith:

1. Cuimsiú - Tacú le polasaithe Comhionannais, Monatóireachta agus Cuimsithe a fhorbairt do ghrúpaí pobail
2. Sláinte agus Sábháilteacht - lena n-áirítear an páipéarachas a theastaíonn chun ceardlann a réachtáil go héifeachtach - amhail measúnuithe riosca srl
3. Abhcóideacht - is gá go ndéanfadh Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire abhcóideacht ar son an Phobail lena chinntiú go mbeidh bonneagar amhail maoiniú, iompar agus cumarsáid le húdaráis áitiúla ar fad faoi lánseol roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2025.

Tá sé socraithe againn go n-oibreimid ar gach ceann de na rudaí thuasluaite i 3 chéim:

- Céim 1: Seisiúin oiliúna agus imeachtaí
- Céim 2: Sraith Straitéisí don Phobal
- Céim 3: Abhcóideacht



---

# Deontais agus coimisiúin

## Deontais Chruthaitheacha: 2022 - 2023

- Stáisiún Raidió Pobail Eden FM - €500 chun an stiúideo a dhéanamh níos inrochtana.
- Yolanda Rodriguez - Retox Dance - €500 le haghaidh tionscadal damhsa agus chun píosa físe a chruthú.
- Jenny Bergín - Ceardaíocht Chruthaitheach - €500 chun sraith ceardlann cré aerthriomaithe a réachtáil.
- Bunscoil Naomh Pádraig - €500 chun múrmhaisiú caipín buidéal athchúrsáilte a chruthú.
- Seid na mBan Éadan Doire - €500 chun ceardlanna gearrtha ceardaíochta cricut a cheannach agus a éascú.

## Coimisiúin Ealaíontóirí 2023

- Jenny Bergín - €6,000 do thionscadal athchuimhne le cónaitheoirí Theach Ofalia darb ainm 'Ansin agus Anois'.
- John Grogan - €4,200 do thionscadal scríbhneoireachta a chuidigh le grúpa scríbhneoirí áitiúla in Éadan Doire drámaí nua a chumadh ag fiosrú pobail, carachtar agus áit.
- Michelle O'Donnell - €12,000 don tionscadal dealbhóireachta gloine 'Sciatháin ár bPobal'.

## Deontais Mhaoinithe Síil 2024

- Yelyzaveta Marchenko - €500 do thionscadal amhránaíochta grúpa.
- Laura Phillips - €1,000 do thionscadal Iris Breacaireachta Aireach.
- Lorraine agus Cormac Reilly - €1,000 le haghaidh grianghrafadóireacht/físghrafaíocht don dráma ceoil úrnua, CROÍ.
- Helen Keenan - €1,000 le haghaidh tionscadal campa damhsa na Cásca.
- Caoimhín Ó Súilleabháin - Gaelscoil Éadan Doire - €1,000 do thionscadal gairdín scoile céadfach ar théama na bithéagsúlachta.
- Seid na bhFear Éadan Doire - €500 le haghaidh tionscadal déanta cart asail.
- An Caifé Óige - €1,000 do shraith ceardlann chruthaitheach sa ghrúpa club óige sinsearach, lena n-áirítear drámaíocht, damhsa, ceol agus ceardaíocht.



## Coimisiún Ealaíontóirí 2024

- Eden FM - €3,000 don tionscadal 'Macallaí Éadan Doire'.
- John Maguire - €6,000 le haghaidh geamaireacht Oíche Shamhna 'Bhí sé Rómhaith ag an gCailleach'.
- Laura Phillips - €3,000 don tionscadal mór Múrmhaisiú Breacaireachta sa Chaifé Óige.
- Sara Walmsley agus Elizabeth Drwal - €12,000 don tionscadal idirghlúine fuaime agus léirithe, 'Machnaimh agus Macallaí'.



---

# Forbairtí agus fochraobhacha

Rinneadh agus cothaíodh go leor naisc éagsúla trí Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire agus tá grúpaí/líonraí nua ag teacht le chéile. Mar shampla:

- Téann Grúpa Ceoil an Luain le Angi Ward amach le haghaidh caife anois i ndiaidh an ghrúpa. Tá grúpa ar leith acu darb ainm Acoustic Hearts a sheinneann ag ceolchoirmeacha agus imeachtaí, agus an tríú grúpa ar a dtugtar Rambling House ina mbíonn seisiúin acu agus ina dtagann siad le chéile i seomraí suí agus i dtithe tábhairne.
- Tháinig grúpa cúramóirí le chéile trí cheardlanna agus imeachtaí éagsúla a bhí á reáchtáil ag Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire agus buaileann siad le chéile go rialta anois le haghaidh piarthacaíocht.
- Léirigh freastail grúpa suim i roinnt amharc-ealaíon a chur le chéile do thaispeántas sa leabharlann. Tá roinnt de na healaíontóirí ag obair i gcomhar leis an duine seo chun tacú leo leis an saothar seo.
- Thug Jenny Bergin faoi deara go raibh an-tóir ar an Community Social ar an Aoine ach nach raibh an lá ná an t-am oiriúnach dóibh siúd ar fad ar mhian leo a bheith i láthair. Le tacaíocht ó Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire, thosaigh Jenny ag rith ActiviTEA, ceardlann seachtainiúil ealaíon-bhunaithe a thagann le chéile ag an gCábán.

---

# Machnamh ó bhall den Ghrúpa Stiúrtha

‘Is iontach an rud é a chloisteáil faoin tionchar dearfach a bhí ag múrmhaisiú an chábáin ar an bpobal. Tá comhoibriú idir Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire agus Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí tar éis daoine a thabhairt le chéile agus an ceantar áitiúil a fheabhsú ar bhealach fiúntach.

Léiriú ar cheangal an phobail leis an saothar ealaíne agus ar an mbród atá orthu as a dtimpeallacht is ea an chaoi gur chuir an múrmhaisiú bac ar ghraifítí. Cuireann an Lá Ealaíne Pobail rathúil béim air seo freisin, le muintir na háite ag teacht le chéile chun cur leis an múrmhaisiú, ag cothú úinéireachta agus aontachta.

Is iontach freisin go bhfuil Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí ag tacú le Áiteanna Ildánacha tríd an gcábán a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí cosúil le Activ-tae Jenny agus grúpa ceoil Angi, rud a chuireann le folláine agus comhtháthú sóisialta an phobail gan amhras.

Is sampla iontach é an tionscnamh seo den chaoi ar féidir le healaín agus le comhoibriú spásanna poiblí a athrú ó bhonn agus spiorad pobail a chothú.’

Derek Coyne, oibrí Forbartha Pobail le Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí agus ball den Ghrúpa Stiúrtha



---

# Teistiméireachtaí ón tionscadal

“I mbeagán focal, WOW!!!!!! Nár lagaí Dia sibh. Tá ríméad an tsaoil orm. Níor fágadh focal agam. Go raibh maith agaibh. Go raibh maith agaibh as creidiúint ionam.” - Duine a fuair Coimisiún Ealaíontóirí

“Thug Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire creideamh iontach dom ionam féin. Agus is féidir liom ealaíontóir a thabhairt orm féin anois.” Ealaíontóir

"Bhain mé an-taitneamh as aréir agus spreag sé go mór mé!" Duine a d'fhreastail ar sheisiún Líonraithe agus Faisnéise na nDeontas Cruthaitheach

“Chuir an deireadh seachtaine scríbhneoireachta agus an seisiún amhránaíochta lúcháir orm. Buíochas ó chroí libh.” Rannpháirtí ceardlainne

"Bhí an bhean iontach inniu, bhain gach duine an-taitneamh as. Maidin álainn a bhí ann.” Rannpháirtí scéalaíochta

"Thaitin sé go mór liom. Bhí an triúr éascaitheoirí ar fheabhas agus is duine an-chineálta agus lách í an comhordaitheoir agus tá sí ar fheabhas ina post.” Rannpháirtí sa deireadh seachtaine scríbhneoireachta

“Ba mhór an t-áthas é a bheith mar chuid de seo agus an méid atá ar siúl in Éadan Doire a fheiceáil, chomh maith leis an tallann dochreidte. Go raibh míle maith agaibh arís, táimid fíorbhuíoch.” Cumann Cónaitheoirí Radharc na Páirce

“Is múinteoir iontach í Eleanor agus ní hamháin gur bhain mé taitneamh as gné shóisialta an ranga seo, bhain mé an-tairbhe as an síneadh réidh. Tá fadhbanna droma agus cromáin agam, agus tháinig feabhas suntasach orm gach seachtain.” Rannpháirtí sa Ghluaiseacht Cruthaitheach

“Chas mé leis an oiread sin daoine ó bhailte éagsúla ar fud na hÉireann gurb é Éadan Doire a mbaile anois. Tháinig tíortha agus cultúir éagsúla, agus gach aois agus inscne le chéile le daoine áitiúla chun cabhrú leo féin agus lena sláinte féin trí pháirt a ghlacadh i rang Eleanor. Is deis iontach é seo cabhrú le daoine eile socrú síos ina mbaile nua in Éadan Doire agus a bheith mar chuid den phobal.” Rannpháirtí sa Ghluaiseacht Cruthaitheach

“Tá pian droma agus pian sna hailt orm, agus chuidigh ranganna Eleanor go mór liom le cúpla seachtain anuas. Tá laghdú mór tagtha ar na pianta i mo chosa ach go háirithe agus tá mé in ann siúl níos mó dá bharr.”  
Rannpháirtí sa Ghluaiseacht Cruthaitheach

“De réir mar a théann an daonra in aois, tá cláir cosúil leis seo thar a bheith tábhachtach chun muid go léir a choinneáil amach as seomraí feithimh ospidéal le cnámha briste agus chun muid a choinneáil ó liostaí feithimh le haghaidh fisiteiripe. Tá aclaíocht réidh thar a bheith tábhachtach don intinn agus don chorp agus dá bhrí sin iarraim oraibh, le bhur dtoil, leanúint leis an gclár seo.” Rannpháirtí sa Ghluaiseacht Cruthaitheach

“Is eagraíocht iontach í agus sílim go mbeadh sé ina bhuille trom do dhaoine áirithe mura n-éireodh léi go fadtéarmach. Tuigim cén chaoi a n-airíonn sé a bheith scoite, agus tá sé an-chrua a bheith mar chuid de rud éigin mar seo (táim ag cuimhneamh ar na daoine fásta agus na leanaí atá ag freastal ar do ghrúpaí) agus ansin é a chailleadh.” Ealaíontóir áitiúil

“Tá obair iontach déanta agat don phobal áitiúil agus do gach duine a bhfuil baint acu le do thionscadail a chur ar fáil. Ba bhreá liom oibriú libh arís amach anseo. Comhghairdeachas as an obair iontach ar fad atá déanta agaibh agus as an gcabhair agus an tacaíocht a thug tú don oiread sin daoine.” Ealaíontóir agus éascaitheoir áitiúil

“Ba bhreá liom cuidiú leis an tionscnamh seo agus má tá aon rud is féidir liom a dhéanamh ba bhreá liom a bheith páirteach ann. Oibrím in imeachtaí agus i gcumarsáid, ach chuirfinn cathaoireacha amach agus scuabfainn urláir dá mbeadh gá leis!” Ball Ionchasach den Fhóram Pobail

“Bhuail mé le daoine iontacha agus bhí an eagraíocht ar fheabhas. Cuir ar bun níos minice é, le bhur dtoil!” Rannpháirtí sa cheardlann damhsa

“Bhain mé an-taitneamh as an gcruthaitheacht, an plé, an oscailteacht agus an muinín - cuir ar bun arís é le bhur dtoil!” Rannpháirtí ar Lá Comhchoiteann na nEalaíon

“Bhí sé sin go hiontach amach is amach. Bhí sé deas suaimhneach agus d'éirigh le formhór na ndaoine a gcuid píosaí a chríochnú.” Ceannaire pobail deonach ag seisiúin ActiviTEA

“D’fhéadfaí a rá gan aon áibhéil go bhfuil ríméad orm a bheith mar chuid den turas chun an tionscadal seo a thaifeadadh. Cuirtear croí na healaíne, an phobail agus an mhuintearais in Éadan Doire in iúl trí mo chuid oibre féin agus mar sin is mór an phribhléid é a bheith mar chuid d’fhoireann Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire.” An grianghrafadóir/físghrafadóir tionscadail, Mark Forde

“Tá mé díreach i ndiaidh mo chéad seisiún a bheith agam leis na cónaitheoirí agus bhí sé thar a bheith speisialta. D'éisteamar le ceol, rinneamar dreas comhrá, chuamar i mbun ceardaíochta. Tá siad go léir ag baint an-sult as an tionscadal - agus téann na ceardlanna seo chun tairbhe domsa chomh maith céanna leis na cónaitheoirí.” Ealaíontóir agus éascaitheoir, Coimisiún Ealaíontóirí

“Bhí an-lá ag mo chlann. Shíl mé go n-imeodh mo pháirtí agus mo mhac tar éis an chéad rang ach d’fhan siad sa rang ceoil ar feadh na gceithre sheisiún agus bhí an-spórt acu, rud a chuir ionadh an domhain orm. Ba mhúinteoir damhsa den chéad scoth í Yolanda agus cé go bhfuil deacrachtaí gluaiseachta agam, chuir sí san áireamh mé. Rinneamar ceardaíocht le Jenny freisin, rud a bhaineamar an-taitneamh as agus is cinnte go ndéanfainn arís é. An-lá ar fad, go raibh maith agaibh!” Rannpháirtí ar Lá Comhchoiteann na nEalaíon

“Go raibh míle maith agaibh as an gcomhairle agus an treoir ar fad, is mór againn é. Bhí an seisiún an-chabhrach agus lán d'eolas.” Rannpháirtí ón seisiún oiliúna um Threoir maidir le Tiomsú Airgid

“Go raibh maith agaibh as an obair ar fad atá á déanamh agaibh in Éadan Doire - tá an oiread sin ar siúl!” Úinéir Leaba is Bricfeasta

“Go raibh míle maith agaibh as bhur gcúnamh go léir! Tá áthas an domhain orainn go bhfuaireamar an maoiniú! Go raibh míle maith agat” - Duine a fuair Maoiniú Sí - Gaelscoil Éadan Doire





Perturbation le Becca Thorne - úsáideadh é seo mar chlúdach tosaigh LP dár dTionscadal Aethereal Material



Across Wastewater le Becca Thorne, a úsáidtear mar chlúdach cúil LP dár dTionscadal Aethereal Material

---

# Meastóireacht

“Trí chomhráite meastóireachta agus trí bhailiú sonraí cainníochtúla ó imeachtaí agus gníomhaíochtaí Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire, is léir gur éirigh go han-mhaith leis an gclár freastal ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste sa phobal, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil dúshlán mheabhairshláinte acu, daoine faoi mhíchumas agus daoine óga atá i mbaol. Anuas air sin, chothaigh sé pobal de cheannairí ealaíne, éascaitheoirí, agus cleachtóirí ar tugadh tacaíocht dóibh chun raon iontach leathan tionscadal a fhorbairt agus a bhfuil dearcadh difriúil acu orthu féin anois. Ar cheann de na tosaíochtaí atá tagtha chun cinn don obair ar fad feasta, tá rúin a leagan síos chun a gcuid oibre agus a bhfís d’Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire, ina n-aonar agus le chéile, a mheas.

“Bhí an próiseas meastóireachta leathan go dtí seo ach is díol suntais é go raibh sé thar a bheith éifeachtach maidir le raon na gníomhaíochta a léiriú trí mhonatóireacht imeachtaí. Rinneadh é seo i ndlúthchomhar leis an gcomhordaitheoir agus léirigh sé torthaí agus tionchair thar a bheith dearfach d’ealaíontóirí aonair agus do spriocghrúpaí faoi mhíbhuntáiste sa phobal. Gabhadh sonraí na dtorthaí agus na dtionchar seo go domhain trí idirphlé díreach le healaíontóirí, éascaitheoirí, ceannairí grúpa agus rannpháirtithe aonair.

“Is léir go bhfuil gá leis an bpróiseas idirphlé seo mar bhealach chun na sonraí tábhachtacha seo a ghabháil ach freisin mar eispéireas foghlama ó thaithí do gach duine a ghlacann páirt san idirphlé sin, chun luach na ngníomhaíochtaí ealaíon a threisiú chun na torthaí seo a bhaint amach agus chun cabhrú le gach rannpháirtí tuiscint a fháil ar conas agus cén fáth a mbíonn fíorthionchar sóisialta ag na gníomhaíochtaí seo. I bhfianaise na n-eispéiris sin agus ag breathnú chun cinn go dtí 2024 agus ina dhiaidh sin, beidh sé ríthábhachtach tacú le ceannairí pobail, le healaíontóirí agus le gníomhaithe meastóireacht a úsáid chun a ngníomhartha a threorú trí ‘Príomhchuspóirí’ a bhunú dá n-iarrachtaí, a thugann cuspóir dóibh, a spreagann cleachtas féinmhachnamhach, agus as a dtagann torthaí agus éifeachtaí inbhuanaithe fadtéarmacha.”

Conor O’Leary, Meastóir Tionscadail

---

# Achoimre

Ag cruinniú den Fhóram Pobail le déanaí d’fhiafraigh muid den ghrúpa ‘Dá mba ainmhí é Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire, cad a bheadh ann?’ agus ba é Ochtapas an freagra ba choitianta. Tá Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire, i lár báire agus tá braiteoga uile an tionscadail ag síneadh amach as sin. Phléigh Príomhfheidhmeannach Creative Lives, Robin Simpson agus Comhordaitheoir Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire, **Seonaid Murray an analach seo in agallamh le Eden FM le déanaí.**

Tá Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire ag céim an-suimiúil agus tá Cumasú agus Leabú roghnaithe againn mar théama do Bhliain 4. Faoi dheireadh mhí Iúil 2025 ba mhaith linn sraith straitéisí don phobal a chruthú chun dul ar aghaidh leis an tionscadal, agus na grúpaí cruthaitheacha éagsúla ar fad in Éadan Doire a nascadh, ag cinntiú go bhfuil sé soiléir cé leis ar cheart teagmháil a dhéanamh leo maidir le foirmeacha ealaíne ar leith, agus treoir a thabhairt chuig eagraíochtaí ar féidir leo tuilleadh oiliúna agus tacaíochta a sholáthar.

Ba mhór an onóir é muinín, cruthaitheacht agus rannpháirtíocht an phobail a fheiceáil ag fás in imeachtaí, seimineáir, cruinnithe agus seisiúin oiliúna. Is díol suntais go háirithe iad siúd nach mbeadh ar a gcompord trí bliana ó shin ag cur síos orthu féin mar ealaíontóirí ach a bhraitheann anois gur féidir leo iad féin a chur in iúl go hoscailte agus go bhfuil meas ar a gcuid oibre cruthaitheach. **Ar phodchraoladh le déanaí**, phléigh Audrey Rossa é seo le Seonaid Murray, ag cur in iúl nár bhraith siad anuraidh go raibh Eden FM ‘cáilithe’ le hiarratas a dhéanamh ar Choimisiún Ealaíontóirí ach gur chuir siad isteach air i mbliana agus gur éirigh leo do thionscadal atá le teacht; Macallaí Éadan Doire

Tá Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire tar éis tosú ag comhoibriú ar bhonn níos oifigiúla freisin le heagraíochtaí éagsúla agus le húdarais áitiúla. Chuireamar iarratas rathúil faoi bhráid Uíbh Fhailí Shláintiúil chun an tionscadal gluaiseachta cruthaitheach ‘Céim chun Tosaigh!’ a chur ar fáil, ar tionscadal damhsa é a oibríonn le triúr éascaitheoirí damhsa áitiúla chomh maith le duine as Béal Feirste. Tá an tionscadal seo á reáchtáil faoi láthair agus tá an t-aiseolas an-dearfach go dtí seo. D’aithníomar é



seo mar ghné amháin a d'fhéadfaí a fhorbairt tuilleadh, go háirithe maidir leis na healaíona agus sláinte. Is iad na heagraíochtaí eile a bhfuilimid ag obair leo faoi láthair ná: Cuideachta Forbartha Áitiúil Uíbh Fhailí ar thionscadal Bród Uíbh Fhailí, Comhairle Chontae Uíbh Fhailí tríd Oíche Chultúir agus Féile amhach Táisc! agus Music Generation Uíbh Fhailí trí Choimisiún Ealaíontóirí a bronnadh le déanaí ar Sara Walmsley agus Elizabeth Drwal.

### **Scríobh Seonaid Murray alt don Iris Engage atá bunaithe sa Ríocht**

**Aontaithe** inar leag sí béim ar an tábhacht a bhaineann le hobair áitiúil agus pobail. (Leathanach 56)

Tá aitheantas áitiúil agus náisiúnta á fháil anois ag Áiteanna Ildanacha, Éadan Doire. Tá sé tugtha faoi deara againn go bhfuil athrú ann ó 'dhul i dteagmháil' le daoine go grúpaí agus eagraíochtaí a dhéanann teagmháil dhíreach linn le haghaidh tacaíochta. Iarrtar comhairle agus treoir orainn freisin maidir le himeachtaí a phleanáil agus teagmháil a dhéanamh le saorealaíontóirí trí na líonraí agus na teagmhálacha atá forbartha againn.

D'oibríomar go cruach chun raon níos leithne de ghuthanna pobail a chur san áireamh sa chinnteoireacht. Go dtí seo bhí ochtar ball pobail éagsúla páirteach sna painéil chun cinneadh a dhéanamh ar na micrea-dheontais agus ar na coimisiúin ealaíontóirí. Bíonn cruinnithe míosúla Fhóram Pobail againn chomh maith agus tá dáréag ball den phobal rannpháirteach iontu go dtí seo. Ag tagairt don tsamhail '**Speictream Rannpháirtíocht Pobail go hÚinéireacht**', a scóráiltear ó 0-5, táimid ag leibhéal 4, 'Comhoibriú'. Féach thíos:

Faoi dheireadh mhí Iúil 2025, tá súil againn go mbeidh leibhéal 5, an pointe 'Géill do' sroichte againn, agus go mbeidh pobal Éadan Doire ag obair go hiomlán neamhspleách ó Áiteanna Ildánacha, Éadan Doire, agus ag an am céanna ag baint úsáide as Creative Lives le haghaidh oiliúna agus tuilleadh meantóireachta agus forbartha.



Aiseolas ó, agus íomhá de, rannpháirtithe grúpa a ghlac páirt i gceachtanna amhránaíochta le Liza Marchenko

**Buíochas leis an gComhairle Ealaíon, Oifig Ealaíon Uíbh Fhailí ag Comhairle Chontae Uíbh Fhailí, Ceantar Bardasach Éadan Doire agus na comhpháirtithe tionscadail eile ar fad ar oibrigh muid leo go dtí seo.**

**Naisc, na meáin shóisialta agus an suíomh gréasáin**

**Facebook agus Instagram:**

<https://www.facebook.com/cpedenderry>

<https://www.instagram.com/cpedenderry/>

<https://creativeplacesedenderry.ie/>

**Naisc SoundCloud:**

<https://soundcloud.com/aetherealmaterial>

<https://soundcloud.com/creative-places-edenderry>

**Físeáin Shane Hynan:**

<https://drive.google.com/drive/u/0/folders/1dKW2SzPGNAKYoy4BG-QABYJ2LQfyS0HM>

<https://drive.google.com/drive/u/0/folders/1dKW2SzPGNAKYoy4BG-QABYJ2LQfyS0HM>

**Físeán Mark Forde:**

<https://drive.google.com/drive/u/0/folders/1qPy-rKS9a5BmSD0y7jElYerZJkVPT9Tz>

<https://drive.google.com/drive/u/0/folders/1MfN0Fb6reaCgZbrgANodu-f745zhFED5>

<https://drive.google.com/drive/u/0/folders/1MfN0Fb6reaCgZbrgANodu-f745zhFED5>





# Saol Cruthaitheacha

Voluntary Creativity CLG (operating as Creative Lives) is registered in Ireland as Company No. 592958. Registered office: c/o 35 Doughcloyne Court Industrial Estate, Sarsfield Road, Cork T12 T207.

Voluntary Creativity CLG is a wholly-owned subsidiary of Creative Lives Charity Limited, registered in Scotland as Company No. 139147 and Charity No. SC 020345. Registered office: The Melting Pot, 15 Carlton Road, Edinburgh EH8 8DL.